Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14655/23**

**SOC 718**
**EMPL 508**
**DIGIT 233**
**FREMP 300**
**MI 900**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta, chun feidhmiú cearta sóisialta san Aontas a éascú agus an t-ualach riaracháin a laghdú<br>- *Formheas* |

1. Tá sraith dréachtchonclúidí ón gComhairle ullmhaithe ag an Uachtaránacht dar teideal 'An digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta, chun feidhmiú cearta sóisialta san Aontas a éascú agus an t-ualach riaracháin a laghdú'.

2. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin a scrúdú an 2 agus an 13 Deireadh Fómhair 2023.

3. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go bhfuiltear tar éis teacht ar chomhaontú maidir le téacs na ndréachtchonclúidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad; agus

– na dréachtchonclúidí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) an 27-28 Samhain 2023 lena bhformheas.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**An digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta, chun feidhmiú cearta sóisialta san Aontas a éascú agus an t-ualach riaracháin a laghdú**

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:**

1. Is é príomhchuspóir na digiteála cur le héifeachtúlacht na bpróiseas, úsáid agus malartú sonraí a mhéadú, agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a bhrostú.

2. In 2020, thíolaic an Coimisiún Eorpach an teachtaireacht dar teideal *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú] agus in 2021 thíolaic sé an teachtaireacht dar teideal *2030 Digital Compass: The European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: An modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach].

3. Le Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022, bunaítear an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach, a bhfuil sé mar aidhm leis go mbeidh an tAontas agus a shaoránaigh in ann tairbhe a bhaint as céannacht dhigiteach shlán, rud a chuirfidh ar chumas gach úsáideora smacht a choimeád ar a láithreacht agus a idirghníomhaíochtaí ar líne.

4. Tá sé mar sprioc ag Clár Beartais 2030 don Deacáid Digiteach príomhsheirbhísí poiblí a dhéanamh inrochtana go hiomlán ar líne faoi 2030 agus, mar chuspóirí ginearálta, an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) timpeallacht dhigiteach atá dírithe ar an duine, atá bunaithe ar chearta bunúsacha, cuimsitheach, trédhearcach agus oscailte a chur chun cinn le teicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha atá slán agus idir-inoibritheach, agus (b) seirbhísí agus uirlisí poiblí atá cuimsitheach, éifeachtúil, idir-inoibritheach agus pearsantaithe a chur ar fáil a bhfuil ardchaighdeáin slándála agus phríobháideachais ag baint leo. I gcomhréir leis na cuspóirí sin, mhol an Coimisiún an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach chun bearta a leagan amach arb é is aidhm dóibh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí a áirithiú ar fud an Aontais. Is é is aidhm don togra maidir leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach deireadh a chur le hilroinnt i dtírdhreach idir-inoibritheachta an Aontais agus cur ar a gcumas do riaracháin phoiblí san Aontas comhoibriú lena chéile agus seirbhísí poiblí a sholáthar go héifeachtach thar theorainneacha agus earnálacha.

5. Leagtar síos freisin i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach an cuspóir go mbeadh rochtain ag 100 % de shaoránaigh an Aontais ar mhodhanna slána ríomh-shainaitheantais (eID), a bheidh le húsáid le haghaidh príomhsheirbhísí poiblí ar fud an Aontais, faoi 2030.

6. Leagtar amach le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear pointe rochtana aonair digiteach chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar sraith oibleagáidí riaracháin dhigitigh bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus ar an bprionsabal ‘aonuaire’, agus ceanglais faisnéise maidir le nósanna imeachta. Leis an Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le saoránaigh agus gnólachtaí aschur 21 nós imeachta riaracháin a rochtain, a chur i gcrích agus a fháil go hiomlán ar líne faoi mhí na Nollag 2023. Baineann roinnt próiseas le comhordú na slándála sóisialta[1].

7. Ina theannta sin, cuireann Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta le 20 príomhphrionsabal agus ceart le haghaidh margaí saothair agus córais leasa shóisialta atá níos cothroime agus dea-fheidhmiúil, ar mhaithe leis na saoránaigh. Moltar ann cuspóirí tábhachtacha atá le baint amach ag an Aontas Eorpach faoi 2030. Fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta freisin seoladh an treoirthionscadail maidir leis an bPas Eorpach Slándála Sóisialta (ESSPASS) chun féachaint, faoi 2023, ar réiteach digiteach maidir le fíorú trasteorann ar theidlíochtaí slándála sóisialta.

8. Sa chéad leath de 2023, bhí dhá imeacht dírithe ar an digiteáil i réimse chomhordú na slándála sóisialta: an chomhdháil ardleibhéil dar teideal ‘An digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta (ESSPASS) agus cártaí saothair’, a tionóladh an 1 Márta 2023, agus an cruinniú de mheitheal an Choimisiúin Riaracháin, a tionóladh an 8 Márta 2023.

[1] Áirítear ar na nósanna imeachta a bhfuil digiteáil le déanamh orthu i réimse chomhordú na slándála sóisialta an iarraidh ar an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh i gcomhréir le Teideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, iarratas ar Chárta Eorpach um Árachas Sláinte agus sochair phinsin agus réamhscoir a éileamh ó scéimeanna éigeantacha.

9. I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún an chéad tuarascáil bhliantúil dar teideal *State of the Digital Decade* [Staid na Deacáide Digití].

10. I mí Mheán Fómhair 2023, de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/1724, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an chéad tuarascáil cur chun feidhme dhébhliantúil maidir le feidhmiú an phointe rochtana aonair dhigitigh agus maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, bunaithe ar na staitisticí agus ar an aiseolas a bailíodh i gcomhréir le hAirteagail 24, 25 agus 26 den Rialachán sin. Sa tuarascáil sin, déantar meastóireacht ar raon feidhme Airteagal 14 (cur i bhfeidhm an phrionsabail 'aonuaire'), agus aird á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta, margaidh agus dlí a bhaineann le malartú fianaise idir údaráis inniúla.

11. Thairis sin, le hAirteagal 72, pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún Riaracháin teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun saorghluaiseacht daoine a éascú, go háirithe trí nósanna imeachta a nuachóiriú chun faisnéis a mhalartú agus chun an sreabhadh faisnéise idir institiúidí slándála sóisialta a oiriúnú. Ina theannta sin, leagtar béim i Rialachán (CE) Uimh. 987/2009[2] ar an tábhacht a bhaineann le huirlisí leictreonacha a úsáid chun sonraí a mhalartú idir institiúidí na mBallstát, chomh maith le ról an Choimisiúin Riaracháin maidir le struchtúr, ábhar agus formáid an mhalartaithe sonraí sin, agus na socruithe mionsonraithe le haghaidh malartú sonraí den sórt sin, a chinneadh.

12. An 6 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún teachtaireacht dar teideal *Digitalisation in social security coordination: facilitating free movement in the Single Market* [An digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta: an tsaorghluaiseacht sa Mhargadh Aonair a éascú]. Déantar na tionscnaimh dhigiteacha atá ann cheana a mheas sa teachtaireacht agus tugtar forléargas inti ar na naisc idir tionscadail dhigiteacha éagsúla a thacaíonn leis an tsaorghluaiseacht agus le soghluaisteacht an lucht saothair, lena léirítear na sineirgí agus an chomhoiriúnacht idir na tionscnaimh sin. Moltar sa teachtaireacht freisin bearta atá le déanamh sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, chun próisis slándála sóisialta trasteorann a dhigiteáil a thuilleadh.

[2] Aithrisí 3 agus 4; Airteagail 4 agus 95

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT DI:**

13. I ngeall ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh ó na saoránaigh agus leis an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas, lena n-áirítear paindéim COVID-19, tugadh chun suntais a thábhachtaí atá an digiteáil i réimse na sláinte agus na slándála sóisialta agus an gá atá le dlús a chur lena cur chun feidhme, le rannpháirtíocht na mBallstát agus na n-earnálacha uile, ar an leibhéal náisiúnta agus trasnáisiúnta araon.

14. A bhuí leis an bhforbairt a rinneadh i roinnt tionscnamh, tá dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas maidir leis an digiteáil i réimse na slándála sóisialta. Le Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI), córas TF díláraithe, is féidir le hinstitiúidí slándála sóisialta ar fud an Aontais faisnéis a mhalartú ar bhealach níos tapa agus níos sláine. Ba cheart bailchríoch a bheith curtha ar a chur chun feidhme iomlán faoi dheireadh 2024. Ceapadh treoirthionscadal ESSPASS chun idirghníomhaíochtaí idir saoránaigh shoghluaiste agus comhlachtaí poiblí a shimpliú. Tar éis na chéad chéime de ghníomhaíochtaí píolótacha, tá digiteáil na nósanna imeachta a bhaineann le doiciméad iniompartha A1 agus an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte á píolótú faoi láthair, le tacaíocht airgeadais ón gCoimisiún Eorpach, ag dhá chuibhreannas, is iad sin Dintiúir Dhigiteacha don Eoraip (DC4EU) agus VECTOR. Ba cheart torthaí na dtreoirthionscadal sin maidir le réitigh dhigiteacha ar mhórscála le haghaidh fíorú trasteorann teidlíochtaí slándála sóisialta a chur ar fáil faoin dara ráithe in 2025. Leis an gcreat maidir le Céannacht Dhigiteach Eorpach a bheidh ann amach anseo, lena ndéantar athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 (Rialachán eIDAS), ba cheart bunchloch na céannachta agus na hiontaoibhe a leagan síos i dtionscadal ESSPASS agus, b’fhéidir, i dtionscnaimh dhigiteacha slándála sóisialta eile a bheidh ann amach anseo.

15. Is é is aidhm do eIDAS, creat iontaoibhe agus ceann de cholúin straitéis digiteála an Aontais Eorpaigh, leibhéal slándála na n-idirbheart i gcás gnólachtaí a mhéadú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus próisis ghnó a dhéanamh níos éifeachtúla.

16. Is tionscadal fadtéarmach an-uaillmhianach é EESSI atá ag feidhmiú cheana féin i ngach tír rannpháirteach, cé gur gá do thíortha éagsúla fós an córas a chur chun feidhme ina iomláine. Seoladh clár feabhsaithe próiseas gnó chun próisis a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Is é is aidhm don chlár sin feabhas a chur ar fheidhmiú EESSI agus ar éifeachtúlacht na malartuithe agus, bunaithe ar na ceachtanna a fhoghlaimeofar, d'fhéadfadh sé rannchuidiú freisin le tréimhse cur chun feidhme na bhforbairtí amach anseo a ghiorrú.

17. Is é bunaidhm na dtionscadal seo cumarsáid gan pháipéar ó thús go deireadh a bheith ann idir saoránaigh agus údaráis riaracháin, agus idir riaracháin náisiúnta thar theorainneacha, agus gach ráthaíocht a thabhairt maidir le cosaint sonraí.

18. D'fhéadfadh forbairtí teicneolaíochta agus uirlisí digiteacha rannchuidiú le cur chun feidhme athruithe reachtacha amach anseo. Mar sin féin, ní mór measúnú críochnúil a dhéanamh ar athruithe reachtacha de réir a bhfiúntas féin.

19. De réir mar a bhíonn an tsochaí agus seirbhísí slándála sóisialta ag dul i dtreo an aistrithe dhigitigh, ní mór dúinn aird iomlán a thabhairt freisin ar shaincheist na litearthachta digití, na scileanna digiteacha agus an chuimsithe dhigitigh chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus ar dhigiteáil na seirbhísí sin a áirithiú. Is léir ón taithí a fuarthas ón bpaindéim go bhfuil roinnt scileanna digiteacha faighte ag an gcuid is mó den daonra ó 2020 i leith[3], ach cuireadh béim freisin ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go rachaidh an claochlú digiteach chun tairbhe na saoránach uile, lena n-áirítear na daoine is leochailí. Tá cur chuige atá dírithe ar na saoránaigh ríthábhachtach chun an t-eisiamh digiteach a chomhrac, chun an bhearna dhigiteach a laghdú agus chun an fhadhb a bhaineann le daoine a rachadh seirbhísí digiteacha chun sochair dóibh ach nach mbaineann úsáid astu a chomhrac. Cuireann Bliain Eorpach na Scileanna meon athscilithe agus uas-scilithe chun cinn chun acmhainneacht iomlán an aistrithe dhigitigh a bhaint amach ar bhealach atá cothrom agus cuimsitheach go sóisialta. Ba cheart leanúint de na hiarrachtaí agus de na hinfheistíochtaí i ndáil leis sin. Ag an am céanna, ba cheart go mbeadh daoine nach bhfuil rochtain iomlán acu ar nósanna imeachta digiteála fós in ann tairbhe a bhaint as a gcearta slándála sóisialta.

[3] *Eurostat – Individuals' level of digital skills* (go dtí 2019) (cód sonraí ar líne: ISOK_SK_DSKL_I) *Statistics | Eurostat (europa.eu) and Individuals' level of digital skills* (ó 2021 ar aghaidh) (cód sonraí ar líne: ISOK_SK_DSKL_I21) *Statistics | Eurostat (europa.eu)*

20. Maidir le riaracháin phoiblí a bhainistiú, ba cheart an digiteáil a mheas i gcónaí mar uirlis lena úsáid agus lena chur chun feidhme go cuimsitheach i gcás ina bhfuil sé sin ciallmhar. Ba cheart imthosca náisiúnta agus an cóimheas costais is tairbhe a chur san áireamh. Ní hamháin go bhfuil saoránaigh agus gnólachtaí in ann idirghníomhú ar líne le riaracháin phoiblí chun tús a chur le próiseas. Chun moilleanna agus ualach breise riaracháin agus costais bhreise a sheachaint, is féidir le riaracháin phoiblí tairbhe a bhaint as uirlisí digiteacha chun dlús a chur le próisis, dúbláil a bhrath agus an baol calaoise agus earráide a laghdú. Ní chuireann sé sin bac ar idirghabháil an duine i gcásanna ina bhfuil gá le comhairleoireacht phearsanta nó measúnú de réir an cháis.

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS:**

21. Tá níos mó dul chun cinn déanta ó 2020 i leith ná mar a rinneadh sna blianta roimhe sin maidir le próisis slándála sóisialta náisiúnta agus trasteorann a dhigitiú. Mar sin féin, d'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, d'fhéadfaí tuilleadh a dhéanamh i ndáil le digiteáil chomhordú na slándála sóisialta a chur chun cinn, agus i bhfianaise fhorbairt thapa na dteicneolaíochtaí nua a chuirfidh peirspictíochtaí nua chun cinn a d'fhéadfaí a chur san áireamh.

22. Leis na hacmhainní airgeadais de chuid an Aontais atá ar fáil, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), d'fhéadfaí cuidiú leis an digiteáil a chur chun cinn sna Ballstáit, go háirithe sna Ballstáit nach bhfuil an dul chun cinn digiteach ró-mhaith iontu.

23. Is é is aidhm do thionscnaimh an Choimisiúin forbairtí sa digiteáil a chothú, saoránaigh a chur i gcroílár na sprice sin, uirlisí iomasacha soláimhsithe a úsáideann teanga shimplí a thógáil, chomh maith le hidir-inoibritheacht trasteorann agus trasearnála a chur chun cinn idir riaracháin phoiblí.

24. Tá plé rialta idir ionadaithe riaracháin na mBallstát agus an Coimisiún ríthábhachtach chun stiúradh beartais a chur ar fáil le haghaidh na bpróiseas digiteála atá ar siúl faoi láthair agus atá beartaithe agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tá sé ríthábhachtach freisin a áirithiú go mbeidh institiúidí slándála sóisialta rannpháirteach sa phlé rialta sin, mar gheall ar a gcuid saineolais, agus chun comhroinnt dea-chleachtas a chur chun cinn.

25. Tá ról gníomhach ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an gCoimisiún Riaracháin agus leis an gCoimisiún Teicniúil, maidir le hanailís a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh digiteach éagsúil ar fheidhmiú na gceart slándála sóisialta a dhéanann saoránaigh shoghluaiste. Thabharfadh sé sin deis freisin d’fhoghlaim fhrithpháirteach agus comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit.

26. Chun ilroinnt a sheachaint agus chun a bheith in ann léargas soiléir a fháil ar na tionscnaimh dhigiteacha éagsúla, ar an tionchar a bheidh acu ar chomhordú na slándála sóisialta agus ar na héifeachtaí forluiteacha a d’fhéadfadh a bheith acu, ba cheart aird a thabhairt ar an gcomhar agus ar an malartú faisnéise agus tionscnaimh éagsúla an Aontais á n-ullmhú agus á láimhseáil.

27. Ba cheart do thuilleadh tionscnamh nua Eorpach digiteála cur leis an meastóireacht ar thionscnaimh atá ann faoi láthair agus ba cheart dóibh a bheith comhlántach leis na huirlisí Eorpacha agus náisiúnta atá ann cheana.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, AGUS NA hIMTHOSCA NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

28. Leanúint de bhearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme tionscnaimh dhigiteacha agus idir-inoibritheacha nua agus tionscnaimh atá ann cheana lena simplítear agus lena gcuirtear dlús le nósanna imeachta riaracháin agus le cumarsáid idir riaracháin náisiúnta na mBallstát agus lena n-áirithítear go gcomhlíonfar reachtaíocht an Aontais is infheidhme, go háirithe bailchríoch a chur ar chur chun feidhme agus oibríochtú iomlán EESSI faoi 2024 ar a dhéanaí.

29. Dlús a chur leis na hiarrachtaí, faoi 2030, cuspóirí na Deacáide Digití a bhaint amach, is é sin 100 % de na príomhsheirbhísí poiblí a bheith ar fáil ar líne, lena n-áirítear sa tslándáil shóisialta, agus rochtain a bheith ag 100 % de na daoine ar mhodh ríomh-shainaitheantais (eID), a bheidh le húsáid le haghaidh príomhsheirbhísí poiblí ar fud an Aontais, lena n-áirítear don tslándáil shóisialta.

30. An infheistíocht i bpróisis uathoibrithe a choinneáil chun cásanna náisiúnta agus trasteorann a láimhseáil i réimse na slándála sóisialta agus na cosanta sóisialta.

31. Leanúint de na hiarrachtaí digiteáil na nósanna imeachta faoin Rialachán maidir leis an bPointe Rochtana Aonair Digiteach a chur chun feidhme i réimse chomhordú na slándála sóisialta.

32. Machnamh a dhéanamh ar dhul i mbun ghníomhaíochtaí na gcuibhreannas atá ag oibriú ar bhonn píolótach ar dhigiteáil na nósanna imeachta a bhaineann le doiciméad iniompartha A1 agus leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte, Dintiúir Dhigiteacha don Eoraip (DC4EU) agus VECTOR, mar obair leantach ar an gcéad chéim de threoirthionscadal ESSPASS.

33. A n-údaráis riaracháin phoiblí a spreagadh chun oibriú i gcomhar le cumarsáid réidh thráthúil chun cumhdach rianúil oibrithe laistigh den mhargadh aonair a áirithiú. Na próisis slándála sóisialta uile, lena n-áirítear próisis trasteorann, a dhéanamh soiléir, trédhearcach agus cuíchóirithe d'oibrithe, do chuideachtaí agus do na riaracháin lena mbaineann.

34. A ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go gcuidíonn iarrachtaí digiteála le dlús a chur le diongbháilteacht chearta agus oibleagáidí saoránach soghluaiste agus cuideachtaí soghluaiste, le leibhéal cosanta chearta na ndaoine a ardú, le riosca earráidí agus calaoise a laghdú agus le rannchuidiú le hinbhuanaitheacht scéimeanna slándála sóisialta a áirithiú.

35. Leanúint de bhearta a dhéanamh chun cosaint sonraí a neartú agus tionscnaimh dhigiteacha á gcur chun feidhme, ós rud é go mbaineann comhordú na slándála sóisialta le sonraí pearsanta íogaire.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

36. An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta an 6 Meán Fómhair 2023 a scaipeadh, lena gcothófar díospóireacht ar an tsaincheist seo idir na Ballstáit chun idirphlé agus malartú faisnéise a chur chun cinn maidir le comhordú na slándála sóisialta a dhigiteáil i bhfóraim éagsúla, mar shampla ag na cruinnithe ardleibhéil leis na Ballstáit a eagróidh an Coimisiún ar bhonn bliantúil, mar a luaitear sa Teachtaireacht[4].

37. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit EESSI a chur chun feidhme ina iomláine agus i gceart, lena n-áirítear leis na hacmhainní airgeadais agus saineolas TF de chuid an Aontais atá ar fáil, agus leanúint de bheith ag obair leo chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais a fheabhsú go leanúnach.

38. Bunaithe ar thorthaí na ngníomhaíochtaí píolótacha leanúnacha a rinne na cuibhreannais tar éis na chéad chéime de threoirthionscadal ESSPASS, scrúdú a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit, ar na chéad chéimeanna eile, lena n-áirítear an deis réiteach ESSPASS a úsáid i dtíortha uile an Aontais, agus measúnú a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an creat reachtach a athrú.

39. Na Ballstáit a choinneáil ar an eolas faoi staid na himeartha maidir le tionscnaimh digiteála atá ábhartha do chomhordú na slándála sóisialta trí na cruinnithe ardleibhéil bliantúla agus trí na malartuithe rialta leis an gCoimisiún Riaracháin agus leis an gCoimisiún Teicniúil.

---

[4] 'Eagróidh an Coimisiún 'cruinnithe ardleibhéil, uair amháin sa bhliain, leis na Ballstáit chun cur chun feidhme tuilleadh digiteála, caighdeánaithe agus uathoibrithe i gcomhordú na slándála sóisialta a phlé agus chun tacú leis sin, rud a éascóidh saoirse gluaiseachta agus soghluaisteacht an lucht saothair, lena n-  áirítear idir-inoibritheacht mhéadaithe le hearnálacha ábhartha eile.' COM (2023) 501, leathanach 15.

40. Comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit a chur chun cinn, le tacaíocht ón Údarás Eorpach Saothair (ELA), agus urraim á tabhairt do ról agus inniúlachtaí an Choimisiúin Riaracháin agus an Choimisiúin Theicniúil maidir leis an ábhar sin de bhun Airteagail 72 agus 73 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, chomh maith leis an gcomhaontú comhair atá ann cheana idir ELA agus an Coimisiún Riaracháin.

41. I gcomhar leis an gCoimisiún Riaracháin, féachaint an bhféadfadh an Coimisiún Teicniúil cuidiú le scrúdú a dhéanamh ar thionchar agus ar thairbhí na dtionscnamh digiteach náisiúnta agus de chuid an Aontais maidir le comhordú na slándála sóisialta, agus struchtúir éagsúla rialachais na dtionscnamh sin á n-urramú ag an am céanna.

42. Bunaithe ar anailís arna soláthar ag ELA maidir le réitigh dhigiteacha náisiúnta agus aibíocht dhigiteach na gcóras náisiúnta, cabhrú leis na Ballstáit díriú níos fearr ar infheistíochtaí, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh an dul chun cinn comhuaineach ar fud na hEorpa.

43. Leanúint de chur chuige comhleanúnach a áirithiú i leith na digiteála i gcomhordú na slándála sóisialta, lena n-áiritheofar sineirgí idir uirlisí digiteacha agus réitigh dhigiteacha atá ann cheana agus cóineasú idir na tionscnaimh éagsúla.

44. Anailís a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an intleacht shaorga (IS) i gcomhthéacs chomhordú na slándála sóisialta.

45. Féachaint an bhféadfaí na nósanna imeachta lena rialaítear saorghluaiseacht daoine agus oibrithe san Aontas a shimpliú agus a chuíchóiriú a thuilleadh, i ndáil le próisis náisiúnta agus rialacha reatha an Aontais i réimse chomhordú na slándála sóisialta.